

Oifigeach Togra (Access2Sea) - ar chonradh

I gcomhar le páirtneirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra *ACCESS2SEA*, clár forbartha chun muirshaothrú a chur chun cinn agus tacú le comhlachtaí beaga agus meánmhéide san earnáil seo a gcuid gnó a fhorbairt go hinmharthanach. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár INTERREG (AA) de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:

Mar chuid d'fheidmiú an togra seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Forbartha sa Rannóg Taighde agus Forbartha Earnálacha ar bhunús conartha. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre *ACCESS2SEA* atá le reáchtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt earnáil an mhuirshaothraithe sa Ghaeltacht.

Conradh suas le trí bliana atá i gceist leis an bpost seo a bheas lonnaithe in ArdOifig Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra *ACCESS2SEA* trí chomhoibriú a chothú le geallshealbhóirí éagsúla ar mhaithe le forbairt na hearnála sa Ghaeltacht agus trí chuidiú le comhlachtaí Gaeltachta leas a bhaint as an togra chun deiseanna forbartha a aithint agus a thapú.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana ar a laghad tar éis na bunchéime a bheith bainte amach nó tréimhse taithí oibre bliana tar éis iarchéim ábhartha a bheith bainte amach
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Eolas / tuiscint ar earnáil na mara agus/nó scéimeanna Eorpacha ina bhuntáiste
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Íocfar scála tuarastail idir €35,000- €40,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh 4:00 i.n., 31ú Bealtaine 2019 chuig: foluntais@udaras.ie nó chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge

a theanga oibre.